**Parlaimint na hEorpa**
2024 – 2029

*Suí iomlánach*

**B10-0077/2024**

03.10.2024

# TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an ngá atá ann teaghlaigh, gnólachtaí agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar an ardú ar phraghsanna breosla san Eoraip

**Jorge Buxadé Villalba, Hermann Tertsch, Juan Carlos Girauta, Mireia Borrás, Margarita de la Pisa, Jorge Martín Frías**

**B10-0077/2024**

**Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais maidir leis an ngá atá ann teaghlaigh, gnólachtaí agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar an ardú ar phraghsanna breosla san Eoraip**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d’Airteagal 113, d’Airteagal 194 agus d’Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip,

– ag féachaint don Straitéis ‘Oiriúnach do 55’,

– ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

– ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil teaghlaigh, oibrithe, daoine féinfhostaithe agus gnólachtaí ag fulaingt mar thoradh ar mhíbhainistiú an bheartais eacnamaíoch arb é claonadh idé-eolaíoch an Aontais Eorpaigh i dtreo an chomhshaolachais fhoircnigh is siocair leis;

B. de bhrí gur cheart don Aontas cosaint a shaoránach a chur chun cinn agus rannchuidiú leis an gcosaint sin;

C. de bhrí go ndéanann praghas an bhreosla difear go háirithe do theaghlaigh, d’oibrithe agus do ghnólachtaí;

D. de bhrí gur cáin Eorpach í an cháin bhreisluacha a rialaítear le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha;

1. á chur in iúl gur saoth léi go ndearna beartais eacnamaíocha arna gcur chun feidhme faoi phriosma idé-eolaíoch ar ghéill an tAontas dó an bonn a bhaint ó acmhainneacht eacnamaíoch teaghlach, oibrithe agus gnólachtaí;

2. á chur in iúl gur saoth léi go dtéann claonadh idé-eolaíoch sin an Aontais i dtreo an chomhshaolachais fhoircnigh chun dochair do tháirgí bunriachtanacha do theaghlaigh, d’oibrithe agus do ghnólachtaí, amhail hidreacarbóin, a mbíonn gá ag saoránaigh na hEorpa leo ar bhonn laethúil chun a gcuid gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh le ráta laghdaithe cánach breisluacha a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le hidreacarbóin chun an t-ualach ar theaghlaigh, ar oibrithe, ar dhaoine féinfhostaithe agus ar ghnólachtaí a laghdú;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil a bhunú ionas gur féidir leis na Ballstáit an cánachas dúbailte i bpraghas deiridh na hidreacarbón a dhíothú;
5. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a bhunú go práinneach i dtreo is go bhféadfar hidreacarbóin a áireamh ar liosta sin na dtáirgí a bhfuil feidhm ag ráta laghdaithe cánach breisluacha maidir leo;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur leis na gnáthnósanna imeachta le haghaidh modhnú a dhéanamh ar Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún leasú a dhéanamh ar Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha chun hidreacarbóin a áireamh i liosta sin na ngnéithe a bhféadfadh na Ballstáit ráta laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir leo;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún hidreacarbóin a áireamh mar tháirgí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rátaí laghdaithe cánach breisluacha in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún tathant ar na Ballstáit leas a bhaint as acmhainní nádúrtha a gcríoch féin chun foinsí fuinnimh a lorg lena gcuirfí ar a gcumas dóibh a gceannasacht fuinnimh a ráthú;

10. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá teaghlaigh, oibrithe, daoine féinfhostaithe agus gnólachtaí san Eoraip thíos leis na hiarmhairtí a bhaineann le beartais thubaisteacha eacnamaíocha a chuir an tAontas Eorpach i bhfeidhm, ar beartais iad a leagadh síos le hidé-eolaíocht an antoisceachais aeráide.

Anuas air sin, mar gheall ar bhoilsciú, tá an t-ioncam ó airgeadas poiblí na mBallstát sin nár laghdaigh cánacha tar éis teacht ar an leibhéal is airde riamh, nach bhfuil ina thairbhe cheart do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Ina theannta sin, is minic go mbíonn airgead poiblí á chur amú ag na Ballstáit atá ag gabháil leis an méadú sin ar ioncam, go háirithe i gcur chun feidhme bheartais thuasluaite an Aontais maidir le cánachas aeráide.

Gné amháin lena léirítear an staid thubaisteach seo is ea praghas na mbreoslaí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanann an méadú difear go háirithe do theaghlaigh agus d'oibrithe, ach freisin do ghnólachtaí agus do dhaoine féinfhostaithe, rud a mhéadaíonn a gcostais sheasta go suntasach.

Dá réir sin, is é is aidhm don togra seo le haghaidh gníomh de chuid an Aontais institiúidí an Chomhphobail a spreagadh chun sraith beart fioscach a ghlacadh lena mbaineann cánacha breosla. Ní só-earra é breosla; tá sé ríthábhachtach do go leor teaghlach agus gnólachtaí Eorpacha, mar ghné riachtanach de shaol laethúil na saoránach agus den chuid is mó de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá le déanamh laistigh den Aontas.